# INTÉIRNEACH MOLSCÉAL

## *Scéim Intéirneachta le TG4 do Chéimithe nó do Thosaitheoirí: Samhain 2025 – Iúil 2026*

Cuirfear fáilte roimh iarratais ó thosaitheoirí nó ó chéimithe ollscoile chun tréimhse a chaitheamh ar intéirneacht i TG4 i mBaile na hAbhann, Gaillimh.

Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó ar duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

Is deis é seo do dhuine atá ag tosú amach san earnáil físe agus atá ag iarraidh taithí phraiticiúil a fháil chun cur leis an oiliúint atá faighte acu go dtí seo. Íocfar tuarastal le linn na hintéirneachta seo agus beidh deiseanna oiliúna breise ar fáil lena linn freisin.

Daoine a bhfuil Gaeilge den scoth acu, a bhfuil suim acu sna hardáin meán sóisialta agus a bhfuil taithí acu ar na hardáin sin atá á lorg. Beifear ag súil go mbeidh scileanna taighde agus cumas maith scríofa ag an té a mbronnfar an intéirneacht orthu chomh maith le tuiscint a bheith acu ar céard is scéal mealltach ann.

**I measc na ndualgas a bheidh ar an té a cheapfar, beidh:**

- Míreanna gearra a aimsiú, a sceidealú agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu chun go mbeifear in ann iad a chur ar ardáin shóisialta MOLSCÉAL.
- Sceideal na meán sóisialta a bhainistiú, a eagrú agus a fhoilsiú.
- Freagracht as tuairiscí reatha a chruthú ó thaobh na hanailíse de.
- Beidh an té a cheapfar ina phointe teagmhála ag an bpobal agus beidh sé de chúram air freagraí a bheidh le tabhairt don phobal ar na hardáin meán sóisialta a chomhordú.
- Beidh ceannscríbhinn le cruthú d'ábhar ar líne, mar aon le hábhar a chur in oiriúint do na hardáin meán sóisialta.

Gheobhaidh an té a cheapfar taithí chuimsitheach ar bheith ag obair sa réimse reatha léiriúcháin ina ndéantar comhordú ar obair eagarthóireachta agus ar obair foilsitheoireachta ar na hardáin dhigiteacha.

Seol CV, mar aon le d'iarratas chuig cv@tg4.ie.

**An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais: 5pm Dé Luain an 29 Meán Fómhair 2025**

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4.

Beidh an post seo lonnaithe i gCeannáras TG4 i mBaile na hAbhann.